Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council
Teil: 074 9153900 www.donegalcoco.ie

| *Le haghaidh úsáid oifige amháin*: |  |
|---|---|
| **Stampa an Dáta:** |  |
| **Uimhir Thag. LIS:** |  |

# FOIRM IARRATAIS DON SCÉIM FEABHSÚCHÁIN ÁITIÚIL

1 Is ionann **tionscadail bóthair incháilithe** agus iad siúd ina mbíonn tógáil nó feabhsúchán bóithre i gceist leo ar bhóithre nach bóithre poiblí iad, a chuireann rochtain ar fáil:

- ar ghabháltais talún a mbeadh beirt acu nó níos mó faoi úinéireacht nó i seilbh daoine éagsúla, agus **duine amháin** de na daoine sin ag gabháil do ghníomhaíochtaí talmhaíochta, agus ní mór gur mó an gabháltas **eile** ná 1 heictéar; nó
- chun críche na buainteoireachta (lena n-áiríear móin nó feamainn) do bheirt daoine nó níos mó; nó
- ar ghabháltas talún amháin ar a laghad atá faoi úinéireacht nó I seilbh duine atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí talmhaíochta AGUS a chuireann rochtain ar fáil chomh maith chun críche na buainteoireachta (lena n-áirítear móin nó feamainn) do dhuine amháin eile ar a laghad.

Ní mór d'iarrthóirí na nithe a leanas a chur ar fáil:

- léarscáil a léiríonn suíomh agus méid an lána atáthar a mholadh.
- cáipéisíocht reatha (le bliain anuas nó ón bhliain roimhe) a dhearbhaíonn go bhfuil siad ag gabháil do ghníomhaíochtaí talmhaíochta ar an ghabháltas talún ar a gcuireann an bóthar rochtain ar fáil e.g. cóip de na léarscáileanna a bhaineann lena n-iarratas ar an Scéim Íocaíochtaí Bunúsaí arna cur ar fáil ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, nó a cómhaith de cháipéisíocht.
- léarscáil a léiríonn gabháltas níos mó ná 1 heictéar e.g. cóip de léarscáil ón Chlárlann Talún nó a cómhaith.

**Cuirfear iarratais ar ais mura mbíonn an fhaisnéis seo in éineacht leo.**

2 **Údarú agus Comhaontú**

Lenár síniú thíos, comhaontaímidne, mar úinéirí nó sealbhóirí talamh talmhaíochta nó inár gcónaí ar an bhóthar a leasófar leis na hoibreacha feabhsúcháin, leis na téarmaí agus na coinníollacha atá leagtha amach thíos.
Leis seo, ceapaimid agus tugaimid lánchumhacht do ____________________________________________________________
feidhmiú ar ár son mar Ionadaí Iarratasóirí i ngach comhfhreagras agus aon ghnó eile a thagann de bhun an iarratais seo agus toilímid bheith faoi cheangal ag aon chomhfhreagras dá shórt agus ag gach aon ghníomh de chuid an Ionadaí Iarratasóirí.

3 **LIOSTA 1 - ní ceadmhach ach aon bhall amháin den teaghlach a liostú thíos**

|  | Ainm Úinéir na Réadmhaoine (BLOCLITREACHA) | Síniú Úinéir na Réadmhaoine | Cineál na Gníomhaíochta Talmhaíochta (más bainteach) |
|---|---|---|---|
| 1 |  |  |  |
| 2 |  |  |  |
| 3 |  |  |  |
| 4 |  |  |  |
| 5 |  |  |  |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 6 | | | |
| 7 | | | |
| 8 | | | |
| 9 | | | |
| 10 | | | |

*Is féidir sínithe eile a chur ar leathanach eile más gá.*

**4 Ionadaí Iarratsóirí**

Dearbhaím go bhfuil ar an liosta thuas ainm gach úinéara talún agus gach duine eile a ndéanfadh an scéim seo freastal ar a dtalamh, a dtithe nó réadmhaoin eile dá gcuid. Feidhmeoidh mise mar Ionadaí do na hIarratasóirí.

**Síniú an Ionadaí Iarratasóirí** (arna ainmniú ag uimhir 2 thuas)

Dáta

Seoladh poist

Eircode

Uimhir Ghutháin

**5 Sonraí na hOibre a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh ina leith**

A. Ceantar Bardasach

B. Meastachán ar Fhad agus Leithead an Bhóthair a bheidh le leasú (méadair)

C. Cur síos cruinn ar an láthair
*e.g. Cá bhfuil tús an lána srl.*

D. Léarscáileanna atá ceangailte
*Féach uimhir 1 thuas*

E. Cuir síos ar an obair atá de dhíth

F. An bhfuil gach uile Dhuine a mbeidh tionchar ag an mholadh, má chuirtear i gcrích é, ar dhóigh ar bith, ar a leas nó a dtalamh, sásta toiliú le cur I gcrích na hoibre?

**Ba cheart Iarratais chomhlánaithe a chur chuig:**

**Oifig Bóithre agus Iompair**
**Comhairle Contae Dhún na nGall**
**Teach an Chontae**
**Leifear**
**Contae Dhún na nGall**

**BAINEANN AN SCÉIM FEABHSÚCHÁIN BÓITHRE LE BÓITHRE NACH BÓITHRE POIBLÍ IAD (BÓITHRE FEIRME AGUS BÓITHRE ÁIRITHE A FHREASTALAÍONN AR AN PHOBAL*) AGUS BÓITHRE PORTAIGH**

*Ciallaíonn seo bóthar, cé nach bóthar poiblí é, a nascann dhá bhóthar phoiblí nó a thugann rochtain ar thrá nó ar choimín agus a dhéanann freastal dá réir ar phobal talmhaíochta na háite.

**Cuid 2 – Téarmaí agus Coinníollacha**

1 NÍ MÓR GO mBEADH AN OBAIR LE LEAS COMÓNTA BEIRT ÚINÉIRÍ RÉADMHAOINE NÓ NÍOS MÓ - AGUS DUINE AMHÁIN ACU AG GABHÁIL DON TALMHAÍOCHT AGUS GABHÁLTAS IS MÓ NÁ 1 HEICTÉAR AG AN DUINE EILE

2 Ní mór go mbeadh an bóthar in úsáid ag an phobal, de réir na Comhairle. Ní mór go mbeadh an obair riachtanach, seachas ina gnáthchothabháil a cheapfaí go réasúnta a bheadh na hiarrthóirí in ann a dhéanamh leo féin.

3 Ní ghlacfar le tabhartais chomhchineálacha e.g. obair in aisce de rogha ar an airgead tirim.

4 Ní mór do na hiarrthóirí, eatarthu féin, socruithe a dhéanamh maidir le tailte ar bith bheadh le cur ar fáil, gan chostas, do Chomhairle Contae Dhún na nGall de réir mar is gá faoi choinne thógáil, leathnú agus draenáil an bhóthair, de réir

5 Is faoi Chomhairle Contae Dhún na nGall a bheidh sé cinneadh a dhéanamh maidir le sonraíocht na hoibre a bheidh le cur i gcrích, agus maidir leis an bhealach is fearr lena dhéanamh, agus ní bheidh aon éileamh ag iarrthóirí ar an Chomhairle Contae i dtaca le locht ar bith a d'fhéadfadh bheith ar an obair chríochnaithe nó aon chuid den obair bheartaithe nár cuireadh i gcrích.

6 Caithfidh Comhairle Contae Dhún na nGall an tsuim chomhaontaithe (i.e. an costas measta) ar an obair agus sa chás nach leordhóthanach an tsuim sin leis an obair ar fad a chríochnú, ní bheidh aon dliteanas ná cheangal ar Chomhairle Contae Dhún na nGall aon suim thar an tsuim chomhaontaithe a chaitheamh lena chur i gcrích. Mar sin féin déanfar breithniú faoi dheontas forlíontach a íoc má iarrann na hiarrthóirí sin agus má thoilíonn siad aon suim a íoc a bheadh riachtanach trí mheán tabhartas breise áitiúil.

7 Nuair a bheidh an obair curtha i gcrích, coinneoidh na hIarrthóirí dea-bhail air ar a gcostas féin agus ní bheidh aon Dliteanas ar Chomhairle Contae Dhún na nGall maidir le Cothabháil na hOibre.